C/2025/3215

13.6.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/3215)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Côtes du Rhône Villages’

PDO-FR-A0664-AM08 — 19.3.2025

1. **Ainm an táirge**

‘Côtes du Rhône Villages’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniuchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

5. **Údarás náisiúnta a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Syndicat Général des vignerons réunis des Côtes du Rhône (Comhlachas saothróirí fíona Côtes du Rhône)

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143. Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143, i.e. ní leasuithe Aontais iad de réir bhrí Airteagal 24(3) den Rialachán sin. Go sonrach, maidir leis na leasuithe: (a) níl i gceist leo athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar na táirgí nó ar na catagóirí táirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach; (b) níl baol ann go gcuirfear an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní leo; (c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. ***An t-aonad geografach níos lú ‘Laudun’ a scriosadh***

Leasaíodh sonraíocht táirge an ATFC ‘Côtes du Rhône Villages’ chun an t-aonad geografach níos lú ‘Laudun’ a scriosadh, ar limistéar é a bhfuil iarratas ar aitheantas mar ATFC déanta ina leith.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Leasaíodh na ranna seo a leanas den tsonraíocht:

— Caibidil I, Roinn II — Logainmneacha breise

— Caibidil I, Roinn III — Dath agus cineálacha táirgí

— Caibidil I, Roinn IV — Limistéir atá sainithe go geografach.

Scriosadh an t-aonad geografach níos lú 'Laudun' freisin sa roinn den doiciméad aonair dar teideal 'Coinníollacha breise — Logainmneacha breise' den doiciméad aonair.

2. *Limistéar geografach agus limistéar díreach in aice láimhe*

I gCaibidil I, Roinn IV 'Limistéir agus áiteanna ina ndéantar oibríochtaí éagsúla' de shonraíocht STFC 'Côtes du Rhône Villages', rinneadh pointí 1 'Limistéar geografach' agus 3 'Limistéar díreach in aice láimhe' a fhorlíonadh, gan a thuilleadh athraithe, trí thagairt do Chód Geografach Oifigiúil 2023 a chur leis.

Leis an leasú eagarthóireachta sin, ligtear don limistéar geografach a bheith aitheanta le tagairt do leagan 2023 den Chód Geografach Oifigiúil, a d'eisigh an Institiúid Náisiúnta Staidrimh agus Staidéar Eacnamaíoch (INSEE) agus a thugann deimhneacht dhlíthiúil don sainiú ar an limistéar geografach.

Ceadaíonn an tagairt don Chód Geografach Oifigiúil ainmneacha na mbardas a fhíorú. Mar shampla, i roinn Gard, cuireadh Laudun-l'Ardoise in ionad an ainm Laudun, gan aon athrú ar theorannú an limistéir gheografaigh.

I roinn Drôme, maidir leis an limistéar atá díreach in aice láimhe, cuireadh La Voulte-sur-Rhône in ionad an ainm La Voulte, cuireadh Mercurol-Veaunes in ionad na n-ainmneacha Mercurol agus Veaunes, agus cuireadh Saint-Jean-de-Galaure in ionad an ainm La-Motte-de-Galaure, gan aon athrú ar theorannú an limistéir gheografaigh.

Cuireadh an tagairt seo don Chód Geografach Oifigiúil leis an doiciméad aonair sna ranna 'Limistéar geografach' agus 'Coinníollacha breise – limistéar díreach in aice láimhe', rud a thugann ainmneacha na mbardas cothrom le dáta gan athrú breise a dhéanamh.

3. *Cineálacha fíniúna*

I gCaibidil I, Roinn V 'Cineálacha fíniúna' de shonraíocht an ATFC 'Côtes du Rhône Villages', cuireadh na cineálacha 'Clairette rose RS' agus 'Grenache gris G' isteach mar chineálacha tánaisteacha le haghaidh fíonta geala a tháirgeadh. Bhí siad san áireamh cheana féin sa tsonraíocht mar chineálacha tánaisteacha le haghaidh fíonta dearga agus *rosé* a tháirgeadh.

Tá an dá chineál á bhfás go traidisiúnta i bhfíonghoirt an ainmniúcháin agus úsáidtear iad i gcumaisc; i gcomhdhéanamh fíonta geala cuidíonn siad le hocsaídiú a chosc.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair toisc go raibh na cineálacha san áireamh cheana féin i liosta na gcineálacha fíonchaor i ndáil le fíonta dearga agus *rosé*.

4. *Na critéir maidir le déine datha agus maidir leis an innéacs polaifeanóil iomlán a leathnú chuig bulcfhíonta*

I gCaibidil I, Roinn IX 'Próiseáil, forbairt, aosú, pacáistiú agus stóráil' de shonraíocht an ATFC 'Côtes du Rhône Villages', leasaíodh pointe (c) maidir le caighdeáin anailíseacha chun na critéir maidir le déine datha agus innéacs polaifeanóil iomlána a leathnú chuig fíonta tráth an phacáistithe agus an díola ar an mórchóir. Tríd an bhforáil a leathnú, ceadaítear íosleibhéal cáilíochta a shocrú le haghaidh fíonta den ainmniúchán atá faoi réir seiceálacha ag gach céim den táirgeadh.

Rinneadh an leasú céanna sa roinn den doiciméad aonair dar teideal 'Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)'.

5. *Beart idirthréimhseach a bhaineann le dlús plandaithe*

I gCaibidil I, Roinn XI, 'Bearta idirthréimhseacha', de shonraíocht an ATFC 'Côtes du Rhône Villages', leasaíodh pointe 3(a) maidir le dlús plandaithe chun aird a thabhairt, i gcás an bhirt idirthréimhsigh, ar dháileachtaí talún atá cláraithe leis an gcomhlacht bainistíochta ar dáileachtaí talún iad a plandáladh idir 1996 agus 2009 agus nach gcomhlíonann na ceanglais maidir le hachar uasta in aghaidh an phlanda agus spásáil uasta idir sraitheanna. Coinníonn na dáileachtaí talún sin an ceart chun an t-ainmniúchán a úsáid le haghaidh toirt laghdaithe, arna ríomh tríd an táirgeacht údaraithe a iolrú faoi chomhéifeacht 0,90 má tá an t-achar uasta in aghaidh na fíniúna níos lú ná 2,8 m^2 agus faoi 0,80 má tá sé níos mó ná sin.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Côtes du Rhône Villages

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC — Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR.

2204 — fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

Fíonta dearga, rosé agus geala

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is fíonta dearga, *rosé* agus geala de chineál socair tirim iad na fíonta.

Is iad fíonta dearga agus *rosé* formhór an táirgthe (98 %). Bíonn na fíonta tathagach agus flaithiúil agus bíonn déine mhaith datha orthu. Tá siad oiriúnach don aosú ar feadh tréimhsí ama éagsúla ag brath ar an gcineál ithreach agus ar an gcumasc cineálacha, mar a chinneann na táirgeoirí, bunaithe ar a saineolas. Tá 40 % ar a laghad de chineál Grenache N sna cumaisc, in éineacht le Syrah N agus/nó Mourvèdre N, arb iad, mar phríomhchineálacha, 25 % ar a laghad den mheascán cineálacha.

Bíonn na fíonta geala maothlach sa bhéal, agus bíonn mionbhlasanna spíosraí agus fanaile orthu uaireanta.

Ní mór do na fíonta na critéir anailíseacha seo a leanas a chomhlíonadh:

1. Neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte: 12 %;
2. Neart alcóil iomlán uasta de réir toirte tar éis saibhrithe: 14,5 %;
3. Méid siúcra choipthigh (glúcós + fruchtós) nach mó ná 3 g/l i gcás ina bhfuil an neart alcóil nádúrtha de réir toirte níos lú ná 14 %;
4. Méid siúcra choipthigh (glúcós + fruchtós) nach mó ná 4 g/l i gcás ina bhfuil an neart alcóil nádúrtha de réir toirte níos mó ná 14 %.
5. Fíonta dearga: cion aigéid mhalaigh nach mó ná 0,4 g/l; déine datha (OD 420 + 520 + 620 nm) 7 ar a laghad tráth an bhulcdhíola nó an phacáistithe; agus innéacs polaifeanóil iomlána (OD 280 nm) 45 ar a laghad tráth an bhulcdhíola nó an phacáistithe.

Ní mór do na critéir anailíseacha eile na luachanna arna mbunú i reachtaíocht an Aontais a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 16,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Cleachtais fhíoneolaíocha

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Ceadaítear teicnící laghdúcháin saibhrithe suas le ráta tiúchana 10 % i gcás fíonta dearga.

— Le linn fíonta *rosé* a dhéanamh, féadfaidh déantóirí fíona gualach fíonóireachta a úsáid go heisiach i gcás úrfhíonta fáiscthe, de réir cion nach mó ná 20 % de thoirt an fhíona *rosé* a tháirgeann an déantóir fíona lena mbaineann i cás buaint ar leith.

2. Spásáil idir sraitheanna agus idir plandaí

Modh fáis

— Is é 2,50 méadar nó níos lú an spásáil idir na sraitheanna;

— Suas le 2,50 m^2 an t-achar a bhíonn ar fáil do gach planda, arna ríomh tríd an fad idir sraitheanna agus an spás idir plandaí sa tsraith chéanna a iolrú;

— Idir 0.80 m agus 1.25 m a bhíonn an spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna.

3. Prúnáil – Forálacha ginearálta

Modh fáis

— Déantar prúnáil spoir ar na fíniúnacha (ag baint úsáid as an modh cuachphrúnála nó an modh prúnála Royat), gan ach sé spor ar a mhéad in aghaidh an phlanda. Bíonn dhá bhachlóg ar a mhéad ar gach spor.

— Bíonn teorainn dhá bhliain leis an tréimhse chun an tródam a bhunú. Le linn na tréimhse sin, ceadaítear prúnáil Guyot aonair nó dhúbailte mar a shainítear i gcás an chineáil Viognier B thíos.

4. Prúnáil – Foráil speisialta

Modh fáis

Féadfar an cineál Viognier B a phrúnáil ar na bealaí seo a leanas:

— modh Guyot aonair á úsáid agus ocht mbachlóg ar a mhéad ar an gcána agus spor amháin nó dhá spor agus dhá bhachlóg ar a mhéad ar gach spor;

— nó modh Guyot dúbailte á úsáid agus sé bhachlóg ar a mhéad ar gach cána agus spor amháin nó dhá spor agus dhá bhachlóg ar a mhéad ar gach spor.

5. Uisciú

Modh fáis

Féadfar uisciú a cheadú.

6. Modhanna fáis chun saintréithe an chomhshaoil fhisiciúil agus bhitheolaíoch a chaomhnú

Modh fáis

Chun saintréithe an chomhshaoil fhisiciúil agus bhitheolaíoch, atá ina chuid bhunúsach den *terroir*, a chaomhnú:

— toirmisctear srianadh ceimiceach fiailí ar chinnfhearainn;

— toirmisctear srianadh ceimiceach fiailí ar níos mó ná 50 % de dhromchla an fhíonghoirt, gan cinnfhearainn san áireamh.

— toirmisctear mótú plaisteach;

— ní fhéadfar aon athrú substaintiúil a dhéanamh ar chruth ná ar chomhrianta an tírdhreacha ná ar sheicheamh peideolaíoch nádúrtha na ndáileachtaí talún atá beartaithe chun fíon a tháirgeadh ar a mbeidh an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe.

5.2. *Uastáirgeachtaí*

1.

50 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Buantar na fíonchaora agus déantar agus forbraítear na fíonta sna bardais seo a leanas, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2023:

— Roinn Ardèche: Bourg-Saint-Andéol, Saint-Just-d'Ardèche, Saint-Marcel-d'Ardèche, Saint-Martin-d'Ardèche;

— Roinn Drôme: Bouchet, Mérindol-les-Oliviers, Mirabel-aux-Baronnies, Mollans-sur-Ouvèze, Montbrison, Nyons, (Le) Pègue, Piégon, Rochegude, Rousset-les-Vignes, Saint-Maurice-sur-Eygues, Saint-Pantaléon-les-Vignes, Suze-la-Rousse, Taulignan, Tulette, Venterol, Vinsobres;

— Roinn Gard: Aiguèze, Bagnols-sur-Cèze, Castillon-du-Gard, Cavillargues, Chusclan, Codolet, Comps, Cornillon, Domazan, Estézargues, Fournès, Gaujac, Laudun-l'Ardoise, Montfrin, Orsan, Pont-Saint-Esprit, Pujaut, Rochefort-du-Gard, Sabran, Saint-Alexandre, Saint-Etienne-des-Sorts, Saint-Gervais, Saint-Hilaire-d'Ozilhan, Saint-Marcel-de-Careiret, Saint-Michel-d'Euzet, Saint-Nazaire, Saint-Pons-la-Calm, Saint-Victor-la-Coste, Sauveterre, Saze, Tresques, Valliguières, Vénéjan;

— Roinn Vaucluse: Beaumes-de-Venise, Bédarrides, Bollène, Buisson, Cairanne, Camaret-sur-Aigues, Caumont-sur-Durance, Châteauneuf-de-Gadagne, Courthézon, Faucon, Grillon, Jonquières, La Roque-Alric, Lafare, Lagarde-Paréol, Mondragon, Morières-lès-Avignon, Orange, Piolenc, Puyméras, Rasteau, Richerenches, Roaix, Sablet, Saint-Marcellin-lès-Vaison, Saint-Romain-en-Viennois, Saint-Roman-de-Malegarde, Saint-Saturnin-lès-Avignon, Sainte-Cécile-les-Vignes, Séguret, Sérignan-du-Comtat, Sorgues, Suzette, Travaillan, Uchaux, Vaison-la-Romaine, Valréas, Vedène, Villedieu, Violès, Visan.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Bourboulenc B — Doucillon blanc

Brun argenté N — Vaccarèse

Carignan N

Carignan blanc B

Cinsaut N — Cinsault

Clairette B

Clairette rose Rs

Counoise N

Floreal B

Grenache N

Grenache blanc B

Grenache gris G

Marsanne B

Mourvèdre N — Monastrell

Muscardin N

Piquepoul blanc B

Piquepoul noir N

Roussanne B

Syrah N — Shiraz

Terret noir N

Ugni blanc B

Vermentino B — Rolle

Vidoc N

Viognier B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Síneann an limistéar geografach idir Montélimar agus Avignon, trasna ceithre roinn i ndeisceart ghleann Rhône. Sníonn abhainn Rhône tríd an limistéar ar fad, a chuireann nasc fíor-riachtanach ar fáil leis an saol mór.

Le linn na Ré Treasaí, 'fiord' Meánmhuirí a bhí i ngleann Rhône agus shín sé a fhad le Vienne. De réir mar a chuaigh an fharraige ar gcúl, le linn na Ré Ceathartha, d'fhág sin na gnéithe atá sa tírdhreach faoi láthair de bharr creimthe (báisteach, gaotha, dobharchreimeadh). Dá thoradh sin, is iad na fánaí agus na léibhinn na gnéithe is suntasaí sa tírdhreach. Athraíonn na cineálacha ithreach go mór agus áirítear leo léibhinn abhann, marlaí agus aolchloch bhog chomh maith le hithreacha a cruthaíodh trí chreimeadh (marlaí, gaineamh, gaineamhchloch nó molás).

Is aeráid na Meánmhara í aeráid ghleann Rhône theas ina mbíonn an samhradh te, tirim agus ní bhíonn mórán báistí ann thar thréimhse bliana. Is san fhómhar agus go amach sa gheimhreadh is mó a bhíonn sé ag cur báistí ann. Tá tionchar mór ag an Mistral ar an aeráid freisin, gaoth aduaidh a bhíonn tirim agus fíochmhar go minic. Séideann an Mistral ar feadh 120 lá in aghaidh na bliana ar an meán, rud a fhágann go mbíonn an spéir glan agus a chinntíonn go mbíonn neart gréine ann. Mar gheall ar na sléibhte agus na cnoic atá timpeall an ghleanna, bíonn éifeacht chonaire ann a chuireann le luas na gaoithe (éifeacht Venturi chonaire Rhône).

Tháinig fíonghoirt ghleann Rhône in inmhe le linn an 18ú céad, agus tháinig méadú ar fhíonsaothrú feadh bhruach clé na habhann i ndeireadh an 18ú céad agus sa 19ú céad. In 1864 rinne Napoleon III an t-agranamaí Jules Guyot a choimisiúnú le tuarascáil a scríobh ar staid agus ar thodhchaí fhíonghoirt na Fraince. Bhain Guyot úsáid as an téarma 'Côtes du Rhône' (san uimhir iolra) chun cur síos ar fhíonghoirt a shíneann ó Saint-Gilles go Tournon trí Beaucaire. D'fhág gaireacht abhainn Rhône go raibh rochtain mhaith ag na fíonta ar na margaí.

Tháinig an fíonsaothrú chun bheith ina phríomhfhoinse ioncaim. Bhí tábhacht nach beag le 'Côtes du Rhône' faoin tráth sin, agus rinneadh ainmniúchán tionscnaimh cláraithe de in 1937.

Ina dhiaidh sin, chuir na táirgeoirí in iúl an mhian a bhí acu na fíonta ab fhearr a chur chun cinn trí ainmneacha geografacha sonracha a úsáid. Is mar gheall air sin a bhíothas ábalta ainmneacha roinnt mhaith bhardas a chur leis an ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Côtes du Rhône' in 1966, bardais ina raibh na fíonchaora á saothrú, agus léirigh sin an cháil a bhí bainte amach ag na fíonta. Ansin, in 1967 aithníodh an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Côtes du Rhône Villages'. Spreag na hiarrachtaí sin an táirgeadh a eagrú i struchtúr 'pirimide, aitheantas a thabhairt d'aonaid gheografacha chun ainmniúchán 'Côtes du Rhône Villages' a chomhlánú.

In 2010 táirgeadh thart ar 350 000 heictilítear, lena n-áirítear 5 000 heictilítear d'fhíon geal.

Is fíonta socra tirime iad. Is fíonta dearga agus fíonta *rosé* is mó a tháirgtear. Bíonn na fíonta tathagach agus flaithiúil agus bíonn déine mhaith datha orthu. Tá siad oiriúnach don aosú ar feadh tréimhsí ama éagsúla ag brath ar an gcineál ithreach (bíonn fíonta níos éadroime mar thoradh ar ithreacha gainmheacha nó dúrabháin ghainmheacha agus bíonn fíonta tainneacha níos saibhre mar thoradh ar ithreacha clochacha nó créúla) agus ar an gcumasc cineálacha, mar a chinneann na táirgeoirí bunaithe ar a saineolas.

Táirgtear na fíonta trí chineál Grenache N a chumasc le Syrah N nó Mourvèdre N. Is iad na príomhchineálacha sin a bhíonn i 66 % ar a laghad den chumasc. Bíonn na fíonta geala (arb iad 2 % den táirgeacht) maothlach sa bhéal, agus bíonn mionbhlasanna spíosraí agus fanaile orthu uaireanta.

Déantar na fíonta ó fhíonchaora a fhástar ar dháileachtaí talún a roghnaítear go cúramach i limistéar táirgeachta 'Côtes du Rhône'. Is fíorléiriú ar leith iad ar an gcumas nádúrtha agus daonna a bhaineann le fíonta ó ghleann Rhône.

Is fianaise iad na fíonta a tháirgtear ar an 'éagsúlacht uathúil' as ar bhain na táirgeoirí leas agus iad ag oiriúnú an mheascáin cineálacha agus ag roghnú na ndáileachtaí talún is fearr chun tairbhe a bhaint as an aeráid fhabhrach agus as abhainn Rhône.

Tá aeráid i ngleann Rhône atá an-oiriúnach d'fhíniúnacha a fhás mar gheall ar éifeacht 'ghlanta' an Mistral, an ghaoth fhíochmhar, fhuar agus thirim a chosnaíonn na fíniúnacha ó ghalair fhungasacha, agus mar gheall ar na dálaí maithe aibithe le haghaidh na bhfíonchaor, atá nasctha freisin leis na gaotha Mistral a bhíonn ann go minic, lena mbaineann flúirse gréine agus díreach an méid agus dlús báistí ceart.

Ó bhí coilíniú na Gréige ann, chuir gleann Rhône mórbhealach muirí, agus ina dhiaidh sin, bealach iarnróid agus talún ar fáil le haghaidh thrádáil an fhíona, agus is dá bharr sin a bhíothas in ann cloí le traidisiún an fhíonsaothrúcháin ar feadh níos mó ná dhá mhílaois.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Ainmneacha geografacha comhlántacha

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar ceann amháin de na hainmneacha geografacha comhlántacha a liostaítear thíos a chur leis an ainmniúcháin tionscnaimh cláraithe má chomhlíonann na fíonta na ceanglais táirgthe a leagtar síos sa tsonraíocht táirge le haghaidh na n-ainmneacha seo:

— 'Chusclan'

— 'Gadagne'

— 'Massif d'Uchaux'

— 'Nyons'

— 'Plan de Dieu'

— 'Puyméras'

— 'Roaix'

— 'Rochegude'

— 'Rousset-les-Vignes'

— 'Sablet'

— 'Saint-Andéol'

— ‘Saint-Gervais’

— ‘Saint-Maurice’

— ‘Saint-Pantaléon-les-Vignes’

— ‘Sainte-Cécile’

— ‘Séguret’

— ‘Signargues’

— ‘Suze-la-Rousse’

— ‘Vaison-la-Romaine’

— ‘Valréas’

— ‘Visan’.

Aonad geografach níos mó

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar an t-aonad geografach níos mó ‘Vignobles de la Vallée du Rhône’ a chur in iúl ar lipéid na bhfíonta ar a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe ‘Côtes du Rhône Villages’ faoi na coinníollacha a leagtar amach sa chomhaontú a síníodh idir na comhlachtaí cosanta agus bainistíochta lena mbaineann. Ní mór an fhaisnéis sin a bheith sa réimse radhairc céanna leis na mionsonraí sainordaitheacha uile agus ní mór í a phriontáil sa chló céanna agus sa dath céanna leis an ainmniúchán, ar choinníoll nach mó í ná dhá thrian de mhéid an ainmniúcháin.

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú trí mhaolú chun na fíonta a dhéanamh agus a fhorbairt, cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2023:

— – Roinn Ardèche: Alboussière, Andance, Ardoix, Arlebosc, Arras-sur-Rhône, Baix, Beauchastel, Bidon, Boffres, Bogy, Champagne, Champis, Charmes-sur-Rhône, Charnas, Châteaubourg, Cheminas, Colombier-le-Cardinal, Cornas, Eclassan, Étables, Félines, Flaviac, Gilhac-et-Bruzac, Glun, Gras, Guilherand-Granges, La Voulte-sur-Rhône, Labastide-de-Virac, Le Pouzin, Lemps, Limony, Mauves, Ozon, Peaugres; Peyraud, Plats, Quintenas, Rompon, Saint-Barthélemy-le-Plain, Saint-Cierge-la-Serre, Saint-Cyr, Saint-Désirat, Saint-Étienne-de-Valoux, Saint-Georges-les-Bains, Saint-Jean-de-Muzols, Saint-Julien-en-Saint-Alban, Saint-Laurent-du-Pape, Saint-Montan, Saint-Péray, Saint-Remèze, Saint-Romain-d’Ay, Saint-Romainde-Lerps, Saint-Symphorien-sous-Chomérac, Saint-Vincent-de-Durfort, Sarras, Savas, Sécheras, Serrières, Soyons, Talencieux, Thorrenc, Toulaud, Tournon-sur-Rhône, Vernosc-lès-Annonay, Vinzieux, Vion;

— Roinn Drôme: Albon, Aleyrac, Allex, Ambonil, Andancette, Aubres, La Baume-de-Transit, Beaumont-Monteux, Beausemblant, Benivay-Ollon, Bourg-les-Valence, Chamaret, Chanos-Curson, Chantemerle-les-Blés, Chantemerle-les-Grignan, Châteauneuf-de-Bordette, Châteauneuf-sur-Isère, Chavannes, Clansaye, Clérieux, Colonzelle, Condorcet, Crozes-Hermitage, Donzère, Erôme, Etoile-sur-Rhône, La Garde-Adhémar, Gervans, Grane, Granges-les-Beaumont, Les Granges-Gontardes, Grignan, Larnage, La Roche-de-Glun, Laveyron, Livron-sur-Drôme, Loriol-sur-Drôme, Mercurol-Veaunes, Montjoux, Montoison, Montaulieu, Montségur-sur-Lauzon, La Penne-sur-l'Ouvèze, Les Pilles, Pierrelatte, Pierrelongue, Le Poët-Laval, Ponsas, Pont-de-l'Isère, Propiac, Roche-Saint-Secret-Béconne, Roussas, Saint-Barthélemy-de-Vals, Saint-Donat-sur-l'Herbasse, Saint-Gervais-sur-Roubion, Saint-Jean-de-Galaure, Saint-Paul-Trois-Châteaux, Saint-Rambert-d'Albon, Saint-Restitut, Saint-Uze, Saint-Vallier, Salles-sous-Bois, Serves-sur-Rhône, Solérieux, Tain-l'Hermitage, Teyssières, Triors, Valaurie, Valence;

— Roinn Gard: Les Angles, Argilliers, Aramon, La Bastide-d'Engras, Beaucaire, Bellegarde, La Capelle-et-Masmolène, Carsan, Collias, Connaux, Flaux, Le Garn, Goudargues, Issirac, Jonquières-Saint-Vincent, Laval-Saint-Roman, Le Pin, Lirac, Meynes, Montfaucon, La Roque-sur-Cèze, Pougnadoresse, Pouzilhac, Remoulins, Roquemaure, Saint-André-d'Olérargues, Saint-André-de-Roquepertuis, Saint-Bonnet-du-Gard, Saint-Christol-de-Rodières, Saint-Geniès-de-Comolas, Saint-Julien-de-Peyrolas, Saint-Laurent-de-Carnols, Saint-Laurent-des-Arbres, Saint-Laurent-la-Vernède, Saint-Paul-les-Fonts, Saint-Paulet-de-Caisson, Salazac, Sernhac, Tavel, Théziers, Vallabrix, Verfeuil, Vers-Pont-du-Gard, Villeneuve-lès-Avignon;

— Roinn Isère: Chonas-l'Amballan, Les Côtes d'Arey, Le-Péage-de-Roussillon, Reventin-Vaugris, Les Roches-de-Condrieu, Sablons, Saint-Alban-du-Rhône, Saint-Clair-du-Rhône, Saint-Maurice-l'Exil, Salaise-sur-Sanne, Seyssuel, Vienne;

— Roinn Loire: Bessey, La Chapelle-Villars, Chavanay, Chuyer, Lupé, Maclas, Malleval, Pélussin, Roisey, Saint-Michel-sur-Rhône, Saint-Pierre-de-Bœuf, Saint Romain-en-Jarez, Vérin;

— Roinn Rhône: Ampuis, Condrieu, Les Haies, Loire-sur-Rhône, Longes, Sainte-Colombe, Saint-Cyr-sur-le-Rhône, Saint-Romain-en-Gal, Tupin-et-Semons;

— Roinn Vaucluse: Althen-les-Paluds, Aubignan, Avignon, Le Barroux, Beaumont-du-Ventoux, Bédoin, Blauvac, Brantes, Caderousse, Caromb, Carpentras, Cavaillon, Châteauneuf-du-Pape, Crestet, Crillon-le-Brave, Entraigues-sur-la-Sorgue, Entrechaux, Flassan, Gigondas, Jonquerettes, Lamotte-du-Rhône, Lapalud, Loriol-du-Comtat, Malaucène, Malemort-du-Comtat, Mazan, Méthamis, Modène, Monteux, Mormoiron, Mornas, Pernes-les-Fontaines, Le Pontet, Saint-Hippolyte-le-Graveyron, Saint-Léger-du-Ventoux, Saint-Pierre-de-Vassols, Savoillan, Sarrians, Le Thor, Vacqueyras, Villes-sur-Auzon.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-4d6e5152-08b2-47c6-adf7-4578a78bfe78